



Ráitis  
Airgeadais  
**2015**



# Clár na nÁbhar

Faisnéis maidir leis an Údarás	2
Ráiteas maidir le Freagrachtaí	3
Ráiteas an Chathaoirligh faoi Rialú Inmheánach Airgeadais	4
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	6
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus cúlchistí Ioncaim Coinnithe	8
Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach	9
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	10
Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid	11
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	12

# Faisnéis maidir leis an Údarás

Comhaltaí an Bhoird	An tUasal John Fitzgerald (Cathaoirleach)
	An tUas. Anne Graham (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)
	An tUas. Linda Saunders
	An Dr Berna Grist
	An tUas. Valerie O'Reilly (Chuaigh an téarma ceaptha in éag an 14 Márta 2015)
	An tUas. Hugh Creegan
	An tUas. Owen Keegan
	An tUas. Pat Mangan (Ceapadh é an 24 Meán Fómhair 2015)
	An tUas. Sinéad Walsh (Ceapadh í an 24 Meán Fómhair 2015)
	An tUas. Frank O'Connor (Ceapadh é an 24 Meán Fómhair 2015)
	An tUas. Frank Gleeson (Ceapadh é an 24 Meán Fómhair 2015)
	An tUas. Ann Fitzgerald (Ceapadh í an 24 Meán Fómhair 2015)
	An tUas. Fiona Ross (Ceapadh í an 24 Meán Fómhair 2015)
Aturnaetha	McCann Fitzgerald Aturnaetha Riverside One Cé Sir John Rogerson Baile Átha Cliath 2
Baincírí	Bainc-Aontas Éireann, Cpt 1/4 Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath 2
Iníúcháirí	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1 D01 WP44

# Ráiteas maidir le Freagrachtaí

*don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015*

Faoi théarmaí an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 (arna leasú leis an Acht um Rialacháin Iompair Phoiblí, 2009), tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú don bhliain dar chríoch go dtí an 31 Nollaig 2015 d'fhonn léargas fírinneach cóir a thabhairt ar an staid gnóthaí amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain dar chríoch sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta fheiliúnacha a roghnú agus iad a chuir i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cibé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta iomchuí, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair ar aghaidh ag feidhmiú.

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon tráth a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008. Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An tUas. John Fitzgerald  
Cathaoirleach

Dáta: 23 Meitheamh 2016

An tUas. Anne Graham  
Príomhoifigeach  
Feidhmiúcháin

Dáta: 23 Meitheamh 2016

# Ráiteas an Chathaoirligh faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

*don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015*

Mar a éilítear leis an gCód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit, thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair, déanaim mar Chathaoirleach an ráiteas seo a leanas.

Sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015, bhí comhaltaí Boird an Údaráis Náisiúnta Iompair freagrach as a chinntiú go raibh córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais á chothú agus á fheidhmiú. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú cinnte a thabhairt go raibh cosaint ag na sócmhainní, go raibh idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus gur cuireadh cosc ar earráidí nó ar mhírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad i dtreimhse thráthúil.

## Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag Bord an Údaráis Náisiúnta Iompair d'fhonn timpeallacht rialaithe iomchuí a chinntiú: trí

- › chúraimí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- › nósanna imeachta foirmiúla a leagan síos chun mór-theipeanna rialaithe a thuairisciú; agus,
- › a chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithlisiú dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áiríodh leis go háirithe:

- › córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a d'athbhreithnigh agus a chomhaontaigh an Bord;
- › athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais thréimhsiúla agus bhliantúla inar tugadh feidhmíocht airgeadais le fios;
- › spriocanna a leagan síos chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- › treoirlínte rialúcháin soiléire faoi infheistíocht chaipitiúil;
- › disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh ag an Údarás Náisiúnta Iompair, a fheidhmíonn de réir an Chreat-Chóid Dea-Chleachtais atá leagtha síos sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit. Faigheann obair an iniúchta inmheánaigh treoir ó anailís ar an riosca dá bhfuil an comhlacht nocht. Ceaptar na pleananna iniúchta inmheánaigh chun na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollaithe thar thréimhse réasúnta. Déanann an Choiste Iniúchta formhuiniú ar an anailís riosca agus ar na pleananna iniúchta inmheánaigh agus ceadáíonn Bord an Údaráis Náisiúnta Iompair iad.

Faigheann obair monatóireachta agus athbhreithnithe an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais treoir ón obair iniúchta inmheánaigh.

Déanann an Coiste Iniúchta monatóireacht ar an obair an iniúchta inmheánaigh agus ar lucht bainistíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais agus as bainistiú córas agus slándáil sonraí. Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú agus machnamh freisin ar thuarascálacha iniúchta agus ar mholtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním maidir leis an mbliain dar chríoch 31 Nollaig 2015 go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais Rialuithe Inmheánacha Airgeadais.

### **Sínte thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair**

An tUas. John Fitzgerald  
Cathaoirleach

Dáta: 23 Meitheamh 2016

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Iompair don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015 faoi Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008. Cuimsítear sna ráitis airgeadais an ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe, an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach, an ráiteas ar staid an airgeadais, an ráiteas maidir le sreafaí airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm arna ordú faoi Alt 32 den Acht, agus de réir an chleachtais cuntasafóchta a nglactar leis go ginearálta.

## Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir agus as a chinntiú go mbíonn idirbhearta rialta.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de chúram orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú maidir leo de réir an dlí is infheidhmithe.

Rinne mé m'iniúchadh agus mé ag cur san áireamh na gcúinsí speisialta a bhaineann le bainistíocht agus le feidhmiú na gcomhlachtaí Stáit.

Chuir mé m'iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticíúla d'Iniúcháirí atá leagtha síos ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta.

## Raon feidhme iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoin nochtadh sna Ráitis Airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na Ráitis Airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalois nó trí earráid. Áirítear air sin measúnú ar an méid seo a leanas:

- › cibé an bhfuil na beartais chuntasafóchta oiriúnach d'imthosca an Údaráis, agus cibé an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhleanúnach agus nocht go leordhóthanach
- › a réasúnaí is a bhí meastacháin suntasacha cuntasafóchta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- › cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht chomh maith le linn m'iniúchta fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.



Ina theannta sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil an Údaráis chun neamhréireachtaí ábhartha a thabhairt faoi deara leis na ráitis airgeadais iniúchta agus chun aon fhaisnéis is léir atá mícheart go hábhartha a aithint bunaithe ar an eolas a fuair mé le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh, nó cibé an bhfuil sé ar neamhréir go hábhartha leis.

Má fhaighim míráiteas nó neamhréireacht ábhartha follasach ar bith breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

## Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Is í mo thuairim, tá an méid seo a leanas fíor faoi na ráitis airgeadais:

- tugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis amhail ar 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus caiteachas le haghaidh 2015; agus
- ullmhaíodh i gceart iad de réir an chleachtais cuntasafóchta a nglactar leis go ginearálta.

I mo thuairim, ba leor taifid chuntasafóchta an Údaráis chun iniúchadh ceart scafánta a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasafóchta.

## Ábhair a dtugaim tuairisc fúthu mar eisceacht

Tugaim tuairisc de réir eisceachta mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó má aimsím

- aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead ag obair chun na críocha dár beartaíodh é nó sa chás nach raibh na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- má fhaighim amach nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis ag teacht leis na ráitis airgeadais gaolmhara nó leis an eolas a fuair mé le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh, nó
- nuair nach léiríonn an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go bhfuil an tÚdarás ag cloí leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit, nó
- nuair atá aon ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an gcaoi inar seoladh gnó poiblí.

### **Léas dochraideach**

Nochtann Nóta 20.2 gur aithin an tÚdarás costais €975,000 maidir le háitreabh ar léas a bhí folamh i mí Iúil 2013, agus a bhí foligte ina dhiaidh sin ag an Údarás. Cuimsítear leis na costais sin caiteachas de €225,000 suas go dtí 31 Nollaig 2015 agus foráil de mhéid €750,000 maidir le téarma an léasa atá fágtha. Nochtann an nóta an cúlra maidir leis an gceist.

Séamus McCarthy  
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste  
30 Meitheamh 2016

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

		2015	2014
	Nótaí	€'000	€'000
<b>Ioncam</b>			
Deontais ón Oireachtas	2		
› Maoiniú Infheistíochta Caipitiúla	2.1	196,990	230,583
› Maoiniú Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO)	2.2	190,563	212,214
› Scéimeanna iompair eile	2.3	29,593	39,240
› Riarachán		4,897	5,292
Ioncam ó cheadúnú	3	6,650	5,132
Táillí rannpháirtithe na Scéime Ticeadaithe Comhtháthaithe	4	7,013	5,745
Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean	13.2	974	964
Ioncam eile	5	1,237	265
Aistriú ó / (chuing) Cuntas Caipitil	18	2,451	(752)
<b>Ioncam Iomlán</b>		<b>440,368</b>	<b>498,683</b>
<b>Caiteachas</b>			
Caiteachas ar Infheistíocht Chaipitiúil	6	193,224	227,331
Caiteachas Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO)	7	190,561	212,216
Caiteachas eile a bhaineann le deontais	8	30,669	35,928
Caiteachas ó cheadúnú	9	3,989	4,879
Caiteachas ar an gCóras Ticeadaithe Comhtháthaithe	4	13,400	11,803
Costais foirne	10	4,522	4,446
Costais sochair scoir	13	1,360	1,422
Costais cóiríocht oifige	11	1,362	534
Costais riaracháin eile	12	1,939	1,555
<b>Caiteachas Iomlán</b>		<b>441,026</b>	<b>500,114</b>
<b>(Easnamh) don bhliain</b>		<b>(658)</b>	<b>(1,431)</b>
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2015		12,833	14,264
<b>Iarmhéid tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2015</b>		<b>12,175</b>	<b>12,833</b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus na Nótaí ó 1 go 27.

Thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair

An tUas. John Fitzgerald  
Cathaoirleach  
Dáta: 23 Meitheamh 2016

An tUas. Anne Graham  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Dáta: 23 Meitheamh 2016

# Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

	<i>Nótaí</i>	<b>2015</b> €'000	<b>2014</b> €'000
<b>(Easnamh) don bhliain</b>		<b>(658)</b>	(1,431)
<b>Ioncam cuimsitheach eile:</b>			
Atomhais ar an nglanoibleagáid sochair sainithe	<b>13.1</b>	<b>(1,367)</b>	(2,178)
Coigeartú ar mhaoiniú sochair scoir iarchurtha	<b>13.1</b>	<b>1,367</b>	2,178
<b>(Easnamh) iomlán aitheanta don bhliain</b>		<b>(658)</b>	(1,431)

TIs cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus na Nótaí ó 1 go 27.

Thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair

An tUas. John Fitzgerald  
Cathaoirleach  
Dáta: 23 Meitheamh 2016

An tUas. Anne Graham  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Dáta: 23 Meitheamh 2016

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

	<i>Nótaí</i>	<b>2015</b> €'000	<b>2014</b> €'000
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Maoin, gléasra agus trealamh	<b>14</b>	<b>37,985</b>	40,453
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Infhaighte	<b>15</b>	<b>3,861</b>	3,168
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		<b>26,359</b>	23,505
		<b>30,220</b>	26,673
<b>Méideanna iníoctha: dlite laistigh d'aon bhliain amháin</b>	<b>16</b>	<b>(17,397)</b>	(13,857)
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		<b>12,823</b>	12,816
Oibleagáidí sochair scoir	<b>13.1</b>	<b>(17,815)</b>	(15,474)
Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha	<b>13.1</b>	<b>17,815</b>	15,474
<b>Suimeanna iníoctha: dlite tar éis breis agus bliain amháin</b>	<b>17</b>	<b>(662)</b>	(14)
<b>Glansócmhainní Iomlána</b>		<b>50,146</b>	53,255
<b>Arna maoiniú ag</b>			
Cuntas Caipítíl	<b>18</b>	<b>37,971</b>	40,422
Cúlchistí ioncaim coinnithe		<b>12,175</b>	12,833
		<b>50,146</b>	53,255

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus na Nótaí ó 1 go 27.

Thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair

An tUas. John Fitzgerald

Cathaoirleach

Dáta: 23 Meitheamh 2016

An tUas. Anne Graham

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 23 Meitheamh 2016

# Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

	<i>Nótaí</i>	<b>2015</b> €'000	<b>2014</b> €'000
<b>Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin</b>			
Farasbarr caiteachais thar ioncam		<b>(658)</b>	(1,431)
Aistrithe an chuntais chaipitil - sócmhainní seasta	<b>18</b>	<b>(2,451)</b>	752
Dímheas ar shócmhainní seasta	<b>14</b>	<b>7,844</b>	7,324
Cailteanas ar choigeartú sócmhainní seasta	<b>14</b>	<b>3</b>	8
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta		-	(3)
Ús bainc faighte		<b>(41)</b>	(92)
(Méadú) ar infhaightí		<b>(693)</b>	(1,312)
Laghdú ar infhaightí		<b>4,188</b>	5,813
<b>Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin</b>		<b>8,192</b>	11,059
<b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>			
Íocaíochtaí chun réadmhaoín, gléasra agus trealamh a fháil	<b>14</b>	<b>(5,379)</b>	(8,067)
Fáltas ó dhiúscairt sócmhainní seasta		-	3
Ús bainc faighte		<b>41</b>	92
<b>Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>		<b>(5,338)</b>	(7,972)
<b>Glanmhéadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid sa bhliain</b>		<b>2,854</b>	3,087
<b>Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir</b>		<b>23,505</b>	20,418
<b>Airgead agus coibhéisí airgid an 31 Nollaig</b>		<b>26,359</b>	23,505

Is cuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí ó 1 go 27.

Thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair

An tUas. John Fitzgerald  
Cathaoirleach  
Dáta: 23 Meitheamh 2016

An tUas. Anne Graham  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Dáta: 23 Meitheamh 2016

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

## 1. Beartais chuntasaíochta

Tá an bunús cuntasaíochta agus bunús na mbeartas cuntasaíochta suntasach arna nglacadh ag an Údarás leagtha amach thíos.

### a. Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Iompair faoi Alt 9 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 arna leasú le hAlt 30 den Acht um Rialacháin Iompair Phoiblí 2009.

Is comhlacht stáit neamhthráchtála reachtúil é an tÚdarás, a fheidhmítear faoi shainchúram na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Bunaíodh é faoi bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008.

Ceapadh é ar dtús mar údarás iompair le haghaidh Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2008, athainmníodh é mar an tÚdarás Náisiúnta Iompair san Acht um Rialachán Iompair Phoiblí 2009, a chuir síneadh le feidhmeanna an Údaráis chun ceadúnú busanna agus tacsaithe a áireamh ar bhonn náisiúnta.

Mar sin féin, coinníonn an tÚdarás roinnt feidhmeanna sonracha maidir le bonneagar agus comhtháthú iompair agus pleanáil úsáide talún i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, ag léiriú riachtanais iompair phoiblí agus bainistíocht tráchta faoi leith réigiún an oirthir.

### b. Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhmíthe sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Seo hiad an chéad sraith ráitis airgeadais a hullmhaíodh de réir FRS 102. Is é dáta an aistrithe go FRS 102 an 1 Eanáir 2014. Athluadh ráitis airgeadais na bliana roimhe sin le haghaidh coigeartuithe ábhartha ar ghlacadh FRS 102 sa bhliain reatha. Is féidir a thoradh sin a fheiceáil i Nóta 26.

### c. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhaontú an Aire Airgeadais faoi reachtaíocht ábhartha Acht um Údarás Iompair Baile Átha Cliath, 2008. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta i ngach ceann de na blianta atá curtha i láthair.

### d. Airgeadra

Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear na ráitis airgeadais.

## e. Ioncam

### **Deontais ón Oireachtas**

Aithnítear ioncam sa ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe mar atá leagtha amach thíos:

<b>Roinn</b>	<b>Cineál Deontais</b>	<b>Beartas Cuntasaíochta</b>
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - Vóta	Fo-cheannlíne deontais reatha B9.3	Ar bhonn fáltais airgid
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - Vóta	Maoiniú infheistíochta caipitiúla Fo-cheannlíne B8	Ar bhonn fáltais airgid
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - Vóta	Deontais Chaipitil Inmheánacha Fo-cheannlíne B8	Ar bhonn fabhruithe
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - Vóta	Maoiniú Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí Fo-cheannlíne B7	Ar bhonn fáltais airgid
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - Vóta	Deontais Scéim Inrochtaineachta Fo-cheannlíne B8	Ar bhonn fáltais airgid
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - Vóta	Deontais Scéim Inrochtaineachta Inmheánaí Fo-cheannlíne B8	Ar bhonn fabhruithe
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - Vóta	Deontais Cathracha Réigiúnacha Fo-cheannlíne B8	Ar bhonn fáltais airgid
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - Vóta	Deontas Taisteal níos Cliste Fo-cheannlíne B6	Ar bhonn fabhruithe
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - Vóta	Deontas Scoileanna Glasa Fo-cheannlíne B7.3	Ar bhonn fáltais airgid
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - Vóta	Scéim Réigiúnach Rothar Fo-cheannlíne B8	Ar bhonn fabhruithe
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - Vóta	Deontais Iompair Tuaithe Fo-cheannlíne B7.2	Ar bhonn fáltais airgid
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - Vóta	Deontais Iompair Tuaithe Inmheánaí Fo-cheannlíne B7.2	Ar bhonn fabhruithe
An Roinn Coimirce Sóisialaí - Vóta	Maoiniú Iompar Tuaithe A36	Ar bhonn fáltais airgid

Léirítear sa chuntas caipitil an chuid neamhamúchta d'ioncam a cuireadh i bhfeidhm chun críocha caipitiúla.

Maoinítear sócmhainní seasta ó ioncam deontais a aistrítear chuig an gcuntas caipitil agus a amúchtar ag teacht le dímheas.

### **Ioncam ó cheadúnú**

Baineann sé sin le hioncam ó cheadúnú, gníomhaíochtaí measúnaithe agus forfheidhmithe maidir le rialú tacsaithe agus ioncam ó cheadúnú busanna tráchtála. Aithnítear ioncam ar bhonn fáltais airgid.

### **An Scéim Ticeadaithe Comhtháthaithe**

Tagann ioncam chun cinn nuair a ghearrtar costais oibriúcháin ar oibreoirí iompair a bhíonn rannpháirteach sa Scéim Cárta Leap. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhruithe.

## f. Caiteachas Deontais le haghaidh Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus Infheistíocht Chaipitiúil

Aithnítear caiteachas sa bhliain ar bhonn na méideanna a foctar le deontaithe.

## g. Maoin, gléasra agus trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ag a gcostas stairiúil nó luacháil, lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas ar bhonn líne díri, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, ríofa chun na sócmhainní arna gcoigeartú le haghaidh luach iarmharach thar a saol ionchais úsáideach a dhíscríobh. Gearrtar dímheas bliana ar bhreisiú na sócmhainní seasta inlámhsithe go léir i mbliain na fála:

Léasacht	5% Líne dhíreach
Mótarfheithiclí	20% Líne dhíreach
Samhail thráchtá	10% Líne dhíreach
Troscán & daingneáin	10% Líne dhíreach
Trealamh ríomhaireachta	25% Líne dhíreach
Trealamh ón Deontas Bainistíochta Tráchtá	25% Líne dhíreach
Scéim Réigiúnach Rothar	20% Líne dhíreach
Scéim Ticéadaithe Comhtháthaithe	10% Líne dhíreach ar bhogearraí agus 25% líne dhíreach ar chrua-earraí

Déantar dímheas ar an tsamhail Thráchtá ag a costas tosaigh in éineacht le haon bhreiseanna, thar a saolré ionchais úsáideach. Léiríonn breiseanna sa bhliain costas tuarastail an phearsanra atá tiomnaithe d'fhorbairt na samhach. Rinne Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath an tsamhail Thráchtá arna forbairt ag Tionscnamh Iompair Bhaile Átha Cliath, a ghlacadh ar láimh an 9 Samhain 1995 ag luacháil athsholáthair de €1,777,633 agus áiríodh í mar shócmhainn sna ráitis airgeadais.

## h. Sochair Fostaithe

### (i) Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá saoire agus sochair neamhairgeadaíochta eile den chineál céanna, mar chostas sa tréimhse ina mbaintear leas as an tseirbhís.

Freisin, faoi Acht um Pinsin na Seirbhíse Phoiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile), 2012 beidh iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí an 1 Eanáir 2013 nó dá éis ina mbaill den Scéim Pinsin Seirbhíse Phoiblí Aonair.

### (ii) Sochair Scoir

Feidhmíonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair scéim sochair sainithe neamh-mhaoinithe a mhaoineítear go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead á sholáthar ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá an scéim á feidhmiú ar bhonn riaracháin, mar atá ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar feitheamh cheadú na scéime ag an mbeirt Airí.

Déantar dlíteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid Mhodh na nAonad Réamh-Mheasta Creidmheasa.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a shaothraigh fostaithe sa bhliain. Aisíoctar ranníocaíochtaí pinsin na bhfostaithe leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don táille pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála agus gur féidir é a sheach-chur le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a ghlanadh.

Déantar gnóthachain nó cailteanais a tharlaíonn de bharr athruithe i mboinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí a aithint sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailteanais Aitheanta lomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad agus tá coigeartú comhfhreagrach sa tsuim in-aisghabhála ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Léiríonn dlíteanais pinsean luach reatha na n-íocaíochtaí pinsean sa todhchaí arna dtuilleamh ag baill foirme go dtí seo. Léirítear i maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le haisghabháil sa todhchaí ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.



## i. Léasanna

Aicmítear léasanna mar léasanna airgeadais nuair a aistríonn siad go substaintiúil rioscaí agus luach saothair úinéireachta na sócmhainní léasaithe go léir chuig an Údarás. Is féidir léasanna eile nach n-aistríonn go substaintiúil rioscaí agus luach saothair úinéireachta na sócmhainní léasaithe go léir chuig an Údarás a aicmiú mar léasanna oibriúcháin.

Tá sócmhainní a sealbhaítear faoi léas airgeadais áirithe i sócmhainní seasta inláimhsithe agus déantar dímheas orthu agus athbhreithniú i gcomhair lagú ar an mbealach céanna le sócmhainní faoi úinéireacht ghlan. Aithnítear focaíochtaí a fhaightear faoi léasanna oibriúcháin mar ioncam thar théarma an léasa ar bhonn líne dírlí.

## j. Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Thábhachtacha

Nuair a ullmhaítear na ráitis airgeadais bíonn gá le bainistíocht chun breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ar dháta an chlár comhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus costais i rith na bliana. Mar sin féin, mar gheall ar chomh casta le cúrsaí meastacháin fágann sé go bhféadfadh na torthaí i ndáiríre a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

### Lagú Maoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar sócmhainní atá faoi réir amúchta a athbhreithniú i gcomhair lagú uair ar bith ina dtugtar le fios le teagmhais nó athruithe in imthosca go bhféadfadh sé nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear cailiteanas lagaithe don tsuim faoinar mó suim ghlanluacha na sócmhainne ná a shuim in-aisghabhála. Tá na sócmhainní a bhaineann le cuntas na scéime Ticeadaithe Comhtháthaithe le haghaidh cuid mhór den mhaoine, gléasra agus trealamh áirithe sa ráiteas ar staid an airgeadais.

Déantar athbhreithniú ar lagú gach bliain. Níor aithníodh aon lagú in 2015.

### Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaol na sócmhainne agus ar luach iarmharach gaolmhar aicmí na sócmhainní seasta go léir, agus go háirithe, saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain siad de thátaí as go bhfuil an saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

### Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na boinn thuisceana atá mar bhonn ag na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí i dtreochtaí maidir le costas cúram sláinte) a thabhairt chun dáta gach bliain bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus maidir le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leo seo a leanas tionchar a bheith acu ar na boinn thuisceana:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta aschuir ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán.
- (ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, riochtaí an mhargaidh saothair sa todhchaí.

### Forálacha

Déanann an tÚdarás Náisiúnta lompair soláthar le haghaidh oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha, atá a fhios aige atá le híoc ar dháta deiridh na tréimhse. Déantar na forálacha sin go ginearálta bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis thábhachtach, á coigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair is iomchuí. Mar sin féin, is meastacháin iad de chostais airgeadais teagmhas a d'fhéadfadh gan tarlú ar feadh roinnt blianta. Mar thoradh air sin agus an méid neamhchinnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh difear mór a bheith san aschur deiridh le hais mar a bhí measta.

## 2. Deontais ón Oireachtas

Aithníodh na deontais seo a leanas mar ioncam de réir bheartas cuntasafochta 1(e):

	Nóta	2015 €'000	2014 €'000
<u>An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt</u>			
Maoiniú Infheistíochta Caipitiúla	2.1	196,990	230,583
Maoiniú Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO)	2.2	190,563	212,214
Scéimeanna iompair eile	2.3	28,093	37,740
Riarachán		4,897	5,292
		<b>420,543</b>	485,829
<u>An Roinn Coimirce Sóisialaí</u>			
Scéimeanna iompair eile	2.3	1,500	1,500
		<b>422,043</b>	487,329

### 2.1. Deontais ón Oireachtas - Maoiniú Infheistíochta Caipitiúla

Tarraingítear síos maoiniú infheistíochta caipitiúla ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt faoin gClár Infheistíochta Iompair Phoiblí fo-cheannlíne B8.

	2015 €'000	2014 €'000
Iarnród Éireann	57,957	49,303
Deontas Bainistíochta Tráchta	38,488	39,377
Bonneagar Iompair Éireann	43,565	43,595
An Scéim Ticéadaithe Comhtháthaithe	4,228	3,279
Bus Átha Cliath	38,109	59,265
Bus Éireann	10,741	28,466
Droichead Shráid Mhaoilbhríde	638	4,307
Tacaíocht Theicniúil	3,264	2,991
	<b>196,990</b>	230,583

## 2.2. Deontais ón Oireachtas - Maoiniú Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO)

Tarraingítear síos maoiniú Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt faoi Íocaíochtaí Sholáthar na Seirbhíse Poiblí fo-cheannlíne B7.

	<b>2015</b>	<b>2014</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
Iarnród Éireann	<b>98,161</b>	117,366
Bus Átha Cliath	<b>57,701</b>	60,039
Bus Éireann	<b>33,737</b>	34,387
Oibreoirí eile	<b>267</b>	176
Athbhreithniú ar an nGréasán	<b>676</b>	7
Margaíocht	-	153
Táillí Iniúchta	-	86
Saorthaisteal	<b>21</b>	-
	<b>190,563</b>	212,214

## 2.3. Deontais ón Oireachtas - Scéimeanna iompair eile

Riarann an tÚdarás Náisiúnta Iompair roinnt scéimeanna eile thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus na Roinne Coimirce Sóisialaí. Tá an maoiniú deontais a fuarthas / infhaighte in 2015 taispeánta thíos:

	<b>Roinn</b>	<b>Fo-cheannlíne</b>	<b>2015</b>	<b>2014</b>
			<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
Maoiniú scéim inrochtaineachta	DOTTS	B8	<b>2,504</b>	2,280
Maoiniú Deontais Tráchta do Chathracha Réigiúnacha	DOTTS	B8	<b>12,025</b>	18,091
Maoiniú Iompar Tuaithe	DOTTS	B7.2	<b>10,664</b>	11,046
Maoiniú Iompar Tuaithe	DSP	A36	<b>1,500</b>	1,500
Taisteal Níos Cliste	DOTTS	B6	<b>409</b>	543
Scoileanna Glasa (Nóta 2.3)	DOTTS	B7.3	<b>1,516</b>	1,580
Maoiniú Scéim Réigiúnach Rothar (Nóta 2.4)	DOTTS	B8	<b>975</b>	4,200
			<b>29,593</b>	39,240

## 2.4. Maoiniú Scéim Réigiúnach Rothar

	<b>2015</b> <b>€'000</b>	<b>2014</b> <b>€'000</b>
<b>Maoiniú Scéim Réigiúnach Rothar</b>		
Maoiniú Scéim Réigiúnach Rothar	<b>975</b>	5,058
Lúide aisíocaíocht CBL iníoctha leis an Roinn	-	(858)
<u>Eile - Maoiniú Scéim Réigiúnach Rothar (Nóta 5)</u>		
Ioncam urraíochta ón Scéim Réigiúnach Rothar	<b>542</b>	-
Síntiúis agus cíós na Scéime Réigiúnaí Rothar	<b>93</b>	24
<b>Glanmhéid Infhaighte</b>	<b>1,610</b>	4,224

In 2015, d'íoc an Roinn deontais de €0.97m leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir leis an Scéim Réigiúnach Rothar. I ndiaidh chinneadh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim in 2015 gur gníomhaíocht í an scéim ar chóir cáin bhreis luacha a ghearradh uirthi, fuair an tÚdarás aisíocaíocht CBL de €0.8m.

## 3. Ioncam ó cheadúnú

	<b>2015</b> <b>€'000</b>	<b>2014</b> <b>€'000</b>
Táillí cheadúnaithe tacsaithe	<b>4,034</b>	3,873
Ioncam um fhorfheidhmiú tacsaithe	<b>69</b>	63
Athnuachana ar cheadúnais tiománaithe tacsáí	<b>2,152</b>	923
Ioncam eile ó thacsaithe	<b>341</b>	230
Ioncam ó cheadúnú busanna	<b>54</b>	43
	<b>6,650</b>	5,132

## 4. An Scéim Ticéadaithe Comhtháthaithe

	<b>2015</b> <b>€'000</b>	<b>2014</b> <b>€'000</b>
<b><i>Ioncam</i></b>		
Táillí rannpháirtithe	<b>7,013</b>	5,745
<b><i>Caiteachas oibríochta</i></b>		
Costais oibríúcháin	<b>5,175</b>	4,135
Costais foirne	<b>1,066</b>	974
Costais cóiríocht oifige	<b>54</b>	66
Costais riaracháin eile	<b>718</b>	570
<b><i>Caiteachas oibríochta iomlán (*)</i></b>	<b>7,013</b>	5,745
<b><i>Ioncam lúide caiteachas oibríochta</i></b>	<b>-</b>	<b>-</b>
<b><i>Caiteachas breise</i></b>		
Dímheas (Nóta 14)	<b>6,387</b>	6,058
	<b>6,387</b>	6,058
<b><i>Iomlán an chaiteachais oibríochta agus breise</i></b>	<b>13,400</b>	11,803

\*Gearrtar an caiteachas a thabhaítear chun an Scéim Ticéadaithe Comhtháthaithe a fheidhmiú ar ais ar na hoibreoírí iompair (rannpháirtithe).

Áirítear le breiseanna ar shócmhainní reatha €4.228m (2014: €3.279m) maidir leis an tionscadal ITS (Nóta 14).

## 5. Ioncam Eile

	<b>2015</b> <b>€'000</b>	<b>2014</b> <b>€'000</b>
Maoiniú AE	<b>561</b>	146
Ioncam urraíochta ón Scéim Réigiúnach Rothar	<b>542</b>	-
Síntiúis agus cíós na Scéime Réigiúnaí Rothar	<b>93</b>	24
Ús bainc faighte	<b>41</b>	92
Ioncam táillí a fuarthas ón oibreoir PSO	<b>-</b>	2
Ioncam ilghnéitheach	<b>-</b>	1
	<b>1,237</b>	265

## 6. Caiteachas ar Infheistíocht Chaipitiúil

	<b>2015</b>	<b>2014</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
Iarnród Éireann	<b>57,957</b>	49,303
Bainistíocht Tráchtá & Tionscadail Eile (Nóta 6.1)	<b>38,388</b>	39,403
Bonneagar Iompair Éireann	<b>44,127</b>	43,596
Bus Átha Cliath	<b>38,109</b>	59,265
Bus Éireann	<b>10,741</b>	28,466
Droichead Shráid Mhaoilbhríde	<b>638</b>	4,307
Tacaíocht Theicniúil	<b>3,264</b>	2,991
	<b>193,224</b>	227,331

Ba iad na mórthionscadail chaipitil a maoiníodh agus a áiríodh i gcaiteachas ar infheistíocht chaipitiúil de €193.2m ná:

	€ m	€ m	€ m	€ m
<u>Bonneagar Iompair Éireann</u>				
Líne Luas A1 Iarthar na Cathrach	-		0.10	
Meitreo Thuaidh	-		0.74	
Líne LUAS Traschathrach	43.09		38.14	
Athchóiriú Shócmhainn LUAS	-	43.09	2.68	41.66
<u>Bus Átha Cliath</u>				
Busanna Nua Bhus Átha Cliath	37.40		55.68	
Athchóiriú Bhus Átha Cliath	-	37.40	3.24	58.92
<u>Bus Éireann</u>				
Busanna Nua Bhus Éireann	6.34		22.58	
Athchóiriú Bhus Éireann	4.00		5.00	
Clár Suiteála CCTV Bhus Éireann	0.01		0.31	
Coinneáil Flít 2011 Bhus Éireann	-		0.21	
Tionscadail Éagsúla Eile de chuid Bhus Éireann	0.33	10.68	0.37	28.47
<u>Iarnród Éireann</u>				
Cothabháil Throm ar an bhFlít Iarnróid	29.00		28.20	
Stoc Rollaithe Eile (Mórcheantar Bhaile Átha Cliath)	-		3.34	
Comharthaíocht Nua i Lár na Cathrach	12.84		5.12	
Líne Mhaigh Nuad - Baint na gCrosairí Comhréidh	2.04		4.23	
Clár Faisnéise do Phaisinéirí	4.85		2.77	
Tollán Pháirc an Fhionnuisce	6.19		0.52	
Stáisiún an Phiarsaigh	-		0.52	
Monatóireacht Chianda ar Riochtaí	-		0.45	
DART faoi thalamh	0.46		0.56	
Clár Uasghrádaithe Stáisiún	0.30		-	
